Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12760/23**

**SOC 589**
**EMPL 423**
**SAN 503**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta amháin agus comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**lena gceaptar comhalta amháin agus comhalta malartach amháin de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don Rómáin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do liostaí na n-iarrthóirí a chuir rialtais na mBallstát agus eagraíochtaí na bhfostaithe agus eagraíochtaí na bhfostóirí faoi bhráid na Comhairle,

Ag féachaint do liostaí chomhaltaí agus chomhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair,

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 28 Márta 2023[1], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) don tréimhse 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Thíolaic an eagraíocht fostóirí CEC tuilleadh tograí le haghaidh dhá phost a bheidh le líonadh sa Rómáin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO C 116, 31.3.2023, lch. 19).

*Airteagal 1*

Ceapfar na daoine seo a leanas ina gcomhalta agus ina gcomhalta malartach, faoi seach, de Bhord Bainistíochta EU-OSHA don tréimhse dar críoch an 31 Márta 2027:

IONADAITHE EAGRAÍOCHTAÍ FOSTÓIRÍ

| Ballstát | Comhalta | Comhalta malartach |
|---|---|---|
| an Rómáin | Nicolae BĂICAN | Dan NĂSTASE |

*Airteagal 2*

Ceapfaidh an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha nár ainmníodh fós tráth níos déanaí.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*